BHUEL! BEALTAINE 2013

© IONAD NA GAEILGE LABHARTHA EAGARTHÓIR:NUALA DE BÚRCA

Scoláireacht Uí Ríordáin 2013

Thar ceann Bhord Gaeilge an Choláiste, bhronn An tOllamh Caroline Fennell, Scoláireacht Sheáin Uí Ríordáin na bliana seo ar Isaac James, dalta de chuid Ghaelscoil Uí Ríordáin, Baile an Chollaigh. Is é Bord Gaeilge Choláiste na hOllscoile, Corcaigh a dheineann urraíocht ar an scoláireacht seo agus comórann sí saothar an fhile cháiliúil Seán Ó Ríordáin a bhí ag obair ar feadh roinnt blianta i Roinn na Nua-Ghaeilge sa Choláiste. Is Scoláireacht í seo a bhronntar go bliantúil ar dhalta de chuid Ghaelscoil Uí Ríordáin agus tugann sí caoi don mbuaiteoir trí seachtaine thairbheacha a chaitheamh ar scoláireacht i rith an tSamhraidh i nGaeltacht Chorca Dhuibhne.

Isaac James, buaiteoir na scoláireachta, a mhuintir, a mhúinteoirí agus a chairde ag baint taitnimh as an ócáid leis an Ollamh Caroline Fennell, Déan Choláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh is na nEolaíochtaí Sóisialta UCC.

Coiste Sapienti - Preasráiteas

Eisiúint: Dé Sathairn 18 Bealtaine 2013.

Tús:

"Tionóladh an naoú cruinniú de chuid *Coiste Sapienti* in oifigí na Cuallachta um Dheabhóid Dhiaga agus Dhisciplín na Scaraimintí idir 13-18 Bealtaine 2013 d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an aistriúchán Gaeilge atá molta do *Missale Romanum*.

I láthair ag an gcruinniú bhí Pilib Ó Buaidhe, Easpag Rath Bhoth, Breandán Ó Ceallaigh, Easpag Achadh Chonaire, an tOllamh Pádraig Ó Riain, Leas-Chathaoirleach, an Dr. Caitríona Ó Dochartaigh, an tAth Anthony Ward, An Moinsíneoir James O'Brien, An tUas. Brian Ó Donnchadha, an tAth. Mícheál Ó Loingsigh, agus an tAth. Joseph Briody, Rúnaí. Ní raibh Micheál Ó Nearaigh, Ard-Easpag Thuama ar fáil don chruinniú.

Labhair a Onóir an Cairdinéal Antonio Canizares Llovera, Maor na Cuallachta le baill an Choiste agus ghabh sé buíochas leo as a gcuid díograise agus dúirt gur chúis áthais dó obair fhónta an choiste seo.

Bhuail baill an Choiste lena Naofacht an Pápa Proinsias ag deireadh na hÉisteachta Ginearálta an 15 Bealtaine 2013. Bhí an tAthair Rónaofa an-bhuíoch as cúnamh an Choiste agus gheall go nguífeadh sé ar a son.

Rinne an Coiste tráchtaireacht ar an ábhar a bhí fágtha in *Missale Romanum*, is é sin Aifrinn agus Urnaithe Ilghnéitheacha agus na hAifrinn Choitianta. Faoi mar is gnách, moladh an t-ardchaighdeán a bhí ar an Dréacht-Aistriúchán Gaeilge i gcoitinne.

Cuireadh críoch ar na téacsanna deasghnátha le linn an chruinnithe seo.

Tionólfar an chéad chruinniú eile den Choiste i gCnoc Mhuire i mí Mheán Fómhair 2013."

Críoch.

Teagmháil: An tAth. Joseph Briody, Rúnaí, 074 9138011.

Bhuail an Pápa Rónaofa le baill an Choiste ag deireadh na hÉisteachta Ginearálta ar 15 Bealtaine 2013. Bhí cúpla focal ag aistritheoir Ionad na Gaeilge Labhartha, An tUas. Brian Ó Donnchadha, leis an bPápa Rónaofa ag an ócáid chéanna.

An Bhean Sí

Is gné shuimiúil í an bhean sí de mhiotaseolaíocht na hÉireann. Bíonn an taibhse seo le feiceáil i mbéaloideas na hÉireann go minic. Creideann daoine go bhfaigheann tú bás nuair a chloiseann tú caoin bháis na mná sí.

Bíonn leaganacha éagsúla den bhean sí sna scéalta, bean agus gruaig fhada rua agus craiceann bán uirthi nó bean aosta agus gruaig liath uirthi, fiacla lofa agus í deargshúileach. Is minic a léirítear í agus cíor ina cuid gruaige mar bhí piseog ann go raibh mí-ádh ag baint le cíor a bheith ar an talamh ach é sin ráite, deirtear nuair a thuigeann an bhean sí go bhfuil duine i láthair ag faire uirthi, go n-imíonn sí ar an bpointe agus ceo thart timpeall uirthi agus go mbíonn fuaim ar nós éin ag bualadh a chuid sciathán ag teacht uaithi.

Ní chreideann daoine gur cúis bháis í an bhean sí. Creidtear go dtuarann sí an bás. Deirtear leis go bhfuil deirfiúr ag an mbean sí, an leannán sí, a bhuann grá na bhfear agus baineann an bhean chéanna mí-úsáid as an ngrá sin chun iad a scrios.

Ní fios go beacht cén duine a bhíodh ag insint scéalta na mná sí ar dtús ach is féidir iad a rianú siar chomh fada leis an ochtú haois. Creidtear go bhfuil siad bunaithe ar thraidisiún ársa na hÉireann, nuair a bhíodh mná ag canadh nó ag caoineadh nuair a fuair duine éigin bás.

Ghlac na mná caointe go leor dí mar íocaíocht agus mar sin ní bhíodh an Eaglais róshásta leo. Mar thoradh air sin, chreidtí gur mhná caointe iad i súile Dé agus cuireadh iachall orthu bheith mar mhná sí nuair a fuair siad bás.

Is gné eile d'fhinscéalta na hÉireann é scréach na scréachóige reilige. Bhídís ag scréachach i gcathanna agus nuair a d'fheicidís na naimhde ag teacht, d'eitilídís sa spéir chun rabhadh a thabhairt don arm cosanta.

Méabh de Brún

Thugamar féin an Samhradh linn....

Déanaimis comhghairdeachas leis na mic léinn idirnáisiúnta a dhein cúrsaí sa Nua-Ghaeilge linn i mbliana. Go n-éirí an bóthar libh!

Scoláireachtaí Áras Uí Thuama 2013



Bhronn an tUasal Seán Ó Conaill, Roinn an Dlí, scoláireachtaí ar áitritheoirí an Ionaid Chónaithe, Áras Uí Thuama le déanaí.

Áras Uí Thuama 2013 / 2014

Ionad Cónaithe Gaeilge, Gaeltacht UCC

An bhfuil aithne agat ar éinne a bheidh ag freastal ar UCC an bhliain seo chugainn?
An mbeadh suim acu bheith ag maireachtaint trí mheán na Gaeilge?
Fáilte roimh gach éinne!

Scoláireachtaí €500

Ar mhaith leat árasán a roinnt le mic léinn eile le Gaeilge?

Tuilleadh Eolais:
Ionad na Gaeilge
Labhartha
G02,
Áras Uí Rathaille
UCC
0214902314

Cúrsa Iriseoireachta 2013

Gearrchúrsa in Iriseoireacht na Gaeilge lena n-áireofar gné na hiriseoireachta raidió is gné na hiriseoireachta clóite

Breis eolais: s.olaoi@ucc.ie

Ionad na Gaeilge Labhartha

Eagarfhocal

Seo daoibh an t-eagrán deireanach de "Bhuel" don bhliain seo agus nár shárbhliain Ghaeilge a bhí againn. D'éirigh go geal leis na cumainn ghaelacha i mbliana agus d'éirigh leo réimse breá imeachtaí a chur ar siúl. D'éirigh go geal le cúrsaí an Ionaid i mbliana leis, bhí réimse leathan cúrsaí ar siúl mar is gnáth. Is léir go bhfuil an Ghaeilge ag dul ó neart go neart agus ag fás bliain i ndiaidh bliana ar champas C.O.C. Is mian liom mo bhuíochas a ghabháilt le gach éinne a chabhraigh liom agus a scríobh altanna dom i rith na bliana. Go n-éirí le lucht na scrúduithe agus go mbaine sibh taitneamh as an Samhradh.

Tionól na Mumhan 2013

7-9 Meitheamh

http://dailnamumhan.ie/

Comhghairdeachas leis an gCuallacht a bhuaigh duais trasteorann le déanaí. D'eagraigh Glór na nGael an comórtas agus dhein An Roinn Oideachais agus Scileanna urraíocht air.

Comhghairdeachas le Timmy Ó Coileáin a bheidh ina Oifigeach Gaeilge an téarma seo chugainn.

Comórtas

Líon na bearnaí:

"Bhí Cearc ___ ___ lá ag scríobadh sa ghairdín di féin."

€30 an duais!

Seol do fhreagra chugam ag n.deburca@ucc.ie nó cuir do fhreagra go hOifig na Gaeilge Labhartha faoin 7 Meitheamh.

Seoladh leabhair na Cuallachta a bhí ann le déanaí. Maith sibh!

Súil Siar ar 2011 / 2012

D'fhreastail líon ard mac léinn ar chláir teanga Ionad na Gaeilge Labhartha i gcaitheamh na bliana. Is é an líon a bhí sa treis 1,524, líon a bhí nach mór ar aon mhéid le líon na bliana anuraidh (2010/2011).

Bhí 2,633 mac léinn rannpháirteach sna scéimeanna agus sna gníomhaíochtaí cultúrtha. Nuair a chuirtear gach cúrsa san áireamh, chítear gur dhein an tIonad freastal ar riachtanais teanga cheithre mhíle trí chéad mac léinn i rith na bliana.

D'éirigh leis an Ionad méadú 2.5% a dhéanamh ar líon iomlán na mac léinn a ghlac páirt sna scéimeanna agus sna cúrsaí teangan i gcomparáid le líon na bliana 2010/2011.

Sa phlé a dhein Coiste Feabhais COC ar an bpróiseas athbhreithnithe ar ghabh Ionad na Gaeilge Labhartha tríd anuraidh (2010/2011), dhein sé comhghairdeachas leis an Ionad mar gheall ar an dtuairisc fhíor-dhearfach a chuir baill an phiarghrúpa isteach. Chuir siad síos ar an Ionad mar "eiseamláir" agus go mb'fhiú d'Ionaid eile ollscoile "aithris a dhéanamh air". D'fháiltigh Coiste Feabhais COC go háirithe roimh thuairimíocht an phiarghrúpa i leith fhorbairt, dhul chun cinn agus rathú shoiléir obair an Ionaid.

Ionad na Gaeilge Labhartha

Gearrscannán

Dhein daltaí na hidirbhliana ó Scoil Ghramadaí na Bandan, a d'fhreastail ar chúrsa ríomhaireachta le Roinn Ríomhaireachta UCC, le déanaí, an gearrscannán seo. Cúrsa trí mheán an Bhéarla a bhí ann ach bheartaigh an grúpa seo an scannán a dhéanamh trí mheán na Gaolainne. Bhuadar an duais don scannán is fearr.

http://www.youtube.com/watch?v=oYT0bjLUuTk